Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2020 (OR. en)**

**6449/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0356(NLE)**

**WTO 28**
**SERVICES 2**
**COASI 18**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6125/1/20 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13313/18 WTO 265 SERVICES 63 COASI 250 + ADD 1-12 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam – Glacadh |

1. An 19 Deireadh Fómhair 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Comhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam, mar aon le Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

2. An 25 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

1 13312/18 + ADD 1-12.
2 13313/18 + ADD 1-12.
3 6048/19 (foilsithe in IO L 177, 2.7.2019, lch. 1).
4 6051/19 + ADD 1-10.

3. Síníodh an Comhaontú le Vítneam an 30 Meitheamh 2019.

4. An 12 Feabhra 2020, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

5. D'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe an 14 Feabhra 2020, agus d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe é an 26 Feabhra 2020.

6. I bhfianaise an mhéid sin thuas, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, arna thabhairt chun críche ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo agus a leagtar amach in 6050/19 + 6050/1/19 REV 1 (ga);
- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le Airteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa;
- a chinneadh go gcuirfear sna miontuairiscí an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.